



An Bhruiséil, 9 Samhain 2023
(OR. en)

15252/23

LIMITE

AGRI 697
AGRISTR 61
COH 82
SOC 754
EMPL 539
ENV 1273

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/An Chomhairle
Ábhar:	Na conclúidí maidir le Fís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais (LTVRA) – <i>Glacadh</i>

Tar éis do na toscaireachtaí a dhearbhu nach ndéanfaidh siad agóid maidir le téacs na gconclúidí ón gComhairle, atá i gceangal leis seo, maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi chuimsiú ‘nós imeachta tosta’ lena ngabhann spriocdháta an 9 Samhain 2023, iarrtar ar CST/an Chomhairle na Conclúidí seo a fhorghabháil gan aon athrú le linn na gcrúinnithe a bheidh acu an 14 agus an 20 Samhain 2023 faoi seach.

Tráth na díospóireachta poiblí le linn an chruinnithe a bheidh ag an gComhairle an 20 Samhain 2023, iarrtar ar na Ballstáit tuilleadh béime a leagan ar a dtosaíochtaí agus a n-ábhair inní a chur in iúl maidir le ceantair thuaithe an Aontais a fhorbairt amach anseo.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

AGUS Airteagail 39 agus 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)

Á MEABHRÚ AICI agus é á meabhrú aici gur gné thábhachtach de straitéisí uileghabhálacha an Aontais agus de chuspóir coiteann de réimse beartas agus ionstraimí beartais de chuid an Aontais é a bheith ag obair i dtreo ceantair thuaithe bhríomhara, ilfheidhmeacha agus rathúla;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI

- Teachtaireacht ón gCoimisiún (COM(2021)0345) an 20 Meitheamh 2021 dar teideal *‘A long-term vision for the EU’s rural areas: Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040’* [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh: I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040];
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 (2021/2254(INI)) agus Tuairimí ó Choiste Eorpach na Réigiún (2022/C 270/04) agus ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (2022/C 290/22) maidir leis an bhFís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais;
- An tuarascáil ó Chomhdháil an Chomhshocraithe Tuaithe a tionóladh sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2022 agus seoladh Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe Tuaithe;
- Na ceachtanna a foghlaimíodh ó Chomhdháil an Chomhshocraithe Tuaithe in Uppsala (an tSualainn) an 3 – 4 Bealtaine 2023; agus
- Torthaí agus moltaí an fhórait ardlleibhéil um beartas tuaithe dar teideal *‘shaping the future of rural areas’* [todhchaí na gceantar tuaithe a mhúnlú], a d’eagraigh Uachtaránacht na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach in Sigüenza na Spáinne an 27 – 29 Meán Fómhair 2023;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS

- go gcuireann ceantair thuaithe go mór le rathúnas foriomlán agus neart eacnamaíoch an Aontais agus leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus ról ríthábhachtach á ghlacadh acu in ábhair mar shampla táirgeadh bia, caomhnú comhshaoil, gníomhú ar son na haeráide agus cothú ár n-oidhreachtachta cultúrtha; go bhfuil ról bunúsach ag an talmhaíocht ina leith sin agus go bhfuil sí ríthábhachtach do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach na gceantar tuaithe; agus go bhfuil dúshlán ar leith roimh roinnt ceantar tuaithe san Aontas, lena n-áirítear laghdú daonra agus pobal atá ag dul in aois, bearna inscne, bochtaineacht, nascacht theoranta, bonneagar tearcfhorbartha, easpa deiseanna éagsúla fostaíochta agus bearnaí maidir le hinfhaighteacht seirbhísí agus rochtain orthu;

tar éis na Conclúidí seo a leanas a ghlacadh:

I. FÍS DO CHEANTAIR THUAITHE I DTREO 2040

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Fís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais, ar a dtugtar fíis tuaithe freisin, an cur chuige iomlánaíoch agus an struchtúr ina bhfuil ceithre réimse chomhlántacha de ghníomhaíochtaí le haghaidh ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040, Plean Gníomhaíochta Tuaithe an Aontais lena mbaineann, agus seoladh agus forbairt an Chomhshocraithe Tuaithe;
2. IARANN SÍ, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar na dúshlán éagsúla agus ilghnéitheacha maidir le forbairt chríochach agus castacht na gceantar tuaithe agus na bearnaí socheacnamaíocha idir ceantair thuaithe agus ceantair eile agus iarrann sí ar lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal rialachais aird ar leith a thabhairt ar cheantair thuaithe chun na dálaí maireachtála a fheabhsú agus tithíocht agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha áitritheoirí tuaithe a chur chun cinn;
3. LEAGANN SÍ BÉIM, go háirithe, ar chineál éagsúil agus riachtanais shonracha na gceantar tuaithe uile, go háirithe na réigiúin is forimeallaí, pobail chósta agus limistéir inar tearc an daonra chomh maith le ceantair atá iargúlta nó a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha iontu, mar shampla sléibhte, oileáin agus na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús daoine fíoriseal iontu;

4. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gurb ionann forbairt chríochach chothrom agus chomhtháite, atá fréamhaithe i gcur chuige áitbhunaithe, agus Clár Oibre Críochach nua 2030 an Aontais a glacadh le déanaí, agus gur gá an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht na gceantar tuaithe chun a n-éagsúlú eacnamaíoch a chothú trí earnálacha nua tionsclaíocha, digiteacha agus seirbhíse, lena gcruthófar poist ardcháilíochta agus deiseanna fostaíochta níos leordhóthanaí, níos éagsúla agus níos solúbtha; agus riachtanais ar leith na bhFiontar Beag agus Meánmhéide á gcur san áireamh freisin;
5. AITHNÍONN SÍ ról tábhachtach na gcomharchumann mar rannchuiditheoirí le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe, lena gcuirtear deiseanna oibre ar fáil, agus lena gcoinnítear ceantair thuaithe ina mbeatha agus lena gcinntítear go mbeidh daoine ina gcónaí iontu;
6. LEAGANN SÍ BÉIM, i ndáil leis sin, ar a thábhachtaí atá infheistíochtaí i réimse earnálacha, lena n-áirítear an talmhaíocht, agus athruithe struchtúracha a bhaint amach ar an láthair chun daonra agus inmharthanacht a choinneáil sna ceantair thuaithe, forbairt chliste a chur chun cinn agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, *inter alia* trí aghaidh a thabhairt ar bhánú na gceantar tuaithe atá i réim, an meath déimeagrafach agus an t-aosú, oiliúint agus bearta tacaíochta eile a chur ar fáil chun daoine a athsciliú agus a uas-sciliú, go háirithe maidir le scileanna digiteacha agus forbairt tuaithe;
7. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis sin, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le leas a bhaint as buanna i réigiúin na hEorpa, agus MOLANN SÍ na húdaráis Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht íseal seirbhísí poiblí, soghluaisteachta agus bonneagair agus chun pé deiseanna atá ann i gceantair thuaithe a thapú, mar shampla, straitéisí forbartha áitiúla comhtháite faoi stiúir an phobail a fhorbairt agus trí rochtain ar thacaíocht airgeadais agus theicniúil agus fothú acmhainneachta ar an leibhéal áitiúil a fheabhsú;
8. LEAGANN SÍ BÉIM, arís eile, ar an ról tábhachtach atá ag na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla laistigh de thionscnamh LEADER agus an cur chuige ó bhun aníos agus a straitéisí forbartha áitiúla comhtháite faoi stiúir an phobail á gcur chun feidhme acu;
9. CUIREANN SÍ I bhFÁTH, cé go bhfuil rannpháirtíocht láidir saoránach agus eagraíochtaí ó cheantair thuaithe ríthábhachtach chun straitéisí áitiúla a fhorbairt, go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ar gach leibhéal rialachais ríthábhachtach freisin chun bearta fothaithe acmhainneachta, réitigh bheartais shaincheaptha, áitbhunaithe agus chomhtháite, lena n-áirítear foinsí éagsúla maoinithe agus infheistíochtaí poiblí, a fhorbairt;

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh comhair idir ceantair thuaithe agus uirbeacha san aistriú cóir chuig Aontas aeráidneodrach, inbhuanaithe agus rathúil, bunaithe ar chaidreamh tuaithe-uirbeach atá cothrom agus chun tairbhe an dá thaobh agus ar straitéisí comhtháite forbartha agus infheistíochta; AITHNÍONN SÍ na ról i dtaca le ‘ancairiú’ agus ‘daoncheantar’ a bhíonn ag cathracha beaga agus meánmhéide chun forbairt chríochach níos cothroime a bhaint amach agus chun cabhrú leis na ceantair thuaithe máguaird;
11. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le haistriú cóir agus cuimsitheach a áirithiú sna críocha tuaithe, beogacht eacnamaíoch tuaithe agus comhtháthú críochach agus sóisialta a chur chun cinn, agus gan aon duine ná aon áit a fhágáil chun deiridh;

II. PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AN AONTAIS EORPAIGH UM AN TUATH AGUS AN COMHSHOCRÚ UM AN TUATH

12. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an Tuath chun spriocanna na Físe Fadtéarmaí do Cheantair Thuaithe an Aontais a bhaint amach faoi 2040;
13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint d’fhaireachán córasach a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais, lena n-áiritheofar go ndéanfar é a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus go ndéanfar beartais ábhartha uile an Aontais a chur i bhfeidhm go leanúnach agus go héifeachtach;
14. TACAÍONN SÍ le cur chun feidhme choincheap phromhadh leas na tuaithe ag an gCoimisiún trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh ag mórthionscnaimh an Aontais ar limistéir thuaithe agus molann sí an saghas céanna cur chuige ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus é mar aidhm comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú idir beartais agus ionstraimí a chumhdaíonn saincheisteanna a bhfuil tábhacht ag baint leo do cheantair thuaithe;
15. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas agus ar na sineirgí idir beartais agus ionstraimí an Aontais, lena n-áirítear CBT agus an beartas comhtháthaithe, agus naisc a chothú idir na húdaráis phoiblí chun dul i ngleic leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach i gceantair thuaithe agus aghaidh a thabhairt ar threochtaí a bhaineann le bánú na tuaithe agus imirce daoine oilte; ba cheart don phrionsabal maidir le comhleanúnachas tagairt freisin d’eilimintí a bhaineann le riarachán agus cur chun feidhme agus cuspóirí coiteanna á saothrú le hionstraimí tacaíochta éagsúla;

16. MEASANN SÍ GUR TÁBHACHTACH Faireachlann an Aontais Eorpaigh um an Tuath a leathnú, agus gur gá feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar cháilíocht an staidrimh tuaithe, *inter alia* le sonraí ar an leibhéal bardasach, sonraí imdhealaithe de réir gnéis agus cineálacha eile limistéar feidhme, chun bonn eolais a chur faoi cheapadh agus forbairt beartas agus gníomhaíochtaí tuaithe atá bunaithe ar fhianaise agus atá ábhartha agus chun feabhas a chur ar chur chun feidhme éifeachtach measúnuithe tionchair chríocharigh gan an t-ualach riaracháin agus na costais riaracháin a mhéadú go suntasach;
17. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI ardán athbheochana na tuaithe, agus is fada léi go mbeidh sraith straitéisí maidir le deiseanna cistiúcháin ón Aontas do cheantair thuaithe réidh ag an gCoimisiún;
18. LEAGANN SÍ BÉIM AR an tábhacht ar leith a bhaineann le hathnuachan glúine i limistéir thuaithe agus san earnáil agraibhia agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit tacú go gníomhach le saoránaigh óga tuaithe, *inter alia* trína rochtain ar chistiú agus ar thalamh a éascú, trí dheiseanna éagsúla solúbtha fostaíochta, oiliúna agus oideachais a chur ar fáil agus trí pháirt a thabhairt dóibh i ndearadh beartais agus i bpróisis chinnteoireachta áitiúla;
19. Measann sí gur den TÁBHACHT é go dtreiseofaí infheistíochtaí poiblí agus go soláthrófaí cistí ón Aontas agus cistí náisiúnta a rannchuideoidh leis an nascacht i gceantair thuaithe agus leis an aistriú digiteach atá riachtanach ionas go mbeidh teacht acu ar dheiseanna nua óna dteastaíonn líonra fíor-ardacmhainneachta cobhsaí, agus cumhdach leathanbhanda inrochtana;
20. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Plean Gníomhaíochta suaitheanta an Aontais um an Tuath, Todhchaí Dhigiteach na Tuaithe, agus aithníonn sí go gcaithfear an nuálaíocht dhigiteach, bonneagar sonraí agus sealbhú scileanna digiteacha a spreagadh chun na hinniúlachtaí atá riachtanach do chlaohlú digiteach limistéar tuaithe a threisiú;
21. AITHNÍONN SÍ go bhfuil mná ina gceann feadhna ar an rathúnas agus ar an gcuimsiú sóisialta i gceantair thuaithe, ach bíonn dúshlán bhreise rompu agus tá bearta tacaíochta de dhíth orthu chun iad féin a imeascadh ar bhealach níos fearr i margadh an tsaothair, chun na deiseanna fostaíochta atá ann cheana a thapú, deiseanna nua fostaíochta agus nuálaíochta a chruthú, agus chun páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht; agus ón taobh sin de, DEARBHAÍONN SÍ GURS DÍOL SÁSAIMH DI gur cuimsíodh comhionannas inscne mar ghné amháin de chuspóir sonrach amháin de CBT nua, lena gcuirtear chun cinn rannpháirtíocht chomhionann na mban san fheirmeoireacht agus i bhforbairt shocheacnamaíoch na gceantar tuaithe;

22. TUGANN SÍ SUNTAS DON ról lárnach atá ag earnálacha na talmhaíochta, an bhia, na foraoiseachta, an iascaigh agus an dobhharshaothraithe, agus na n-earnálacha bithgheilleagair eile sa gheilleagar tuaithe, lena gcruthaítear fostaíocht, lena dtugtar nuálaíocht agus ioncaim níos fearr agus níos éagsúla don phobal áitiúil chomh maith le bheith ina bhfoinse amhábhair inbhuanaithe agus in-athnuaite; agus MEASANN SÍ gur tosaíocht é an athléimneacht talmhaíochta, foraoiseachta agus tuaithe a fhorbairt a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha, eacnamaíocha, aeráide agus chomhshaoil atá ann; LEAGANN SÍ BÉIM AR ar acmhainneachtaí oiriúnaitheacha na gceantar tuaithe chun athléimneacht a threisiú agus chun leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú;
23. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI, ina leith sin, gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar phleanáil úsáide talún, ar fheirmeoireacht inbhuanaithe agus athléimneach agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar shlándáil bia, ar bhithéagsúlacht, ar infhaighteacht uisce, ar shláinte ithreach, ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite, ar shlabhraí luacha áitiúla agus ar tháirgí agraibhia ar ardchaighdeán;
24. DÍRÍONN SÍ AR a thábhachtaí atá sé an fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe a chur chun feidhme i ndlúthchomhar le saoránaigh tuaithe, ag moladh go dtabharfaí níos mó airde ar fhorbairt agus nuálaíocht áitbhunaithe trí shráidbhailte cliste, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, forbairt réigiúnach, agus trí bhorradh a chur faoi chineálacha cur chuige críochacha agus tionscnaimh faoi stiúir áitiúil chun deiseanna eacnamaíocha nua agus éiceachórais nuálacha a chruthú agus seirbhísí agus bonneagair bhunúsacha i gceantair thuaithe a fheabhsú;
25. IARRANN SÍ ar na húdaráis riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha uile, ar na húdaráis áitiúla agus ar na geallsealbhóirí agus na pobail uile a bheith rannpháirteach agus gníomhach faoi chuimsiú an Chomhshocraithe um an Tuath agus rannchuidiú go gníomhach leis na spriocanna a bunaíodh faoin Teachtaireacht maidir leis an bhFís Tuaithe agus le cuspóirí an Chomhshocraithe um an Tuath;
26. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT, ina leith sin, gur féidir ról lárnach a bheith ag líonrú faoin gComhshocrú um an Tuath agus líonraí CBT agus líonraí ábhartha eile a bhaineann le comhtháthú chun faisnéis agus torthaí maidir leis an bhfís tuaithe a scaipeadh agus a chomhroinnt i measc geallsealbhóirí tuaithe;
27. MOLANN SÍ do na Ballstáit, nach bhfuil sé déanta acu go fóill, tabhairt faoin gComhshocrú um an Tuath agus straitéisí agus pleananna gníomhaíochta iomlánaíocha a cheapadh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na ceantair thuaithe agus na deiseanna a chuireann siad ar fáil a fheabhsú;

III. NA BEALAÍ CHUN CINN

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart go léireofaí go cuí leis an gcistiúchán ón Aontas, an cistiúchán náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bheidh ann amach anseo do limistéir thuaithe an ról lárnach atá ag limistéir thuaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta atá roimh an Aontas agus na Ballstáit, lena n-áirítear na dúshláin sin a chruthaítear leis an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair;
29. AITHNÍONN SÍ go n-éilítear leis an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair níos mó athléimneachta agus iomaíochais i gceantair thuaithe an Aontais, lena n-áirítear slándáil bia ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda faoi chuimsiú Uathriail Straitéiseach Oscailte chórais bhia an Aontais Eorpaigh agus lena laghdófar spleáchais sheachtracha i bpríomhréimsí inar gá don Aontas leibhéal leordhóthanach acmhainneachta a fhorbairt chun a leas eacnamaíoch agus sóisialta a ráthú, mar shampla talmhaíocht inbhuanaithe, mar a luaitear i nDearbhú Granada;
30. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI breithniú an Choimisiúin ar ghníomhaíochtaí a dhéantar nó atá beartaithe i scéimeanna tacaíochta do cheantair thuaithe arna maoiniú ag an Aontas agus ag na Ballstáit sa chlárthréimhse 2021-2027 faoi CBT agus faoi Chistí an Bheartais Comhtháthaithe;
31. CUIREANN SÍ I dTREIS, chomh maith leis an mBeartas Comhtháthaithe, an Comhbheartas Talmhaíochta agus na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, gur cheart do bheartais ábhartha uile an Aontais, agus feabhas á chur ar a gcomhleanúnachas agus ar a sineirgí, a bheith rannpháirteach agus acmhainní iomchuí a chur ar fáil chun tacú le ceantair thuaithe;
32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ionstraim faireacháin a shocrú chun measúnú a dhéanamh ar chistiú ón Aontas a thacaíonn le ceantair thuaithe trí bheartais agus ionstraimí ábhartha uile an Aontais; TACAÍONN SÍ le nós imeachta a bhunú, ag tús gach clárthréimhse, chun comhlántacht, comhleanúnachas agus sineirgí eatarthu a áirithiú gan an t-ualach riaracháin ná na costais riaracháin a mhéadú;

33. DÍRÍONN SÍ AR a thábhachtaí atá sé beartais agus nósanna imeachta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a oiriúnú do réaltachtaí agus riachtanais éagsúla na bpobal tuaithe beag agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla na nósanna imeachta agus na ceanglais a shimpliú do thairbhíthe a bhfuil acmhainneacht teoranta riaracháin acu, chun infheistíocht a éascú trí leas optamach a bhaint as acmhainní éagsúla an Aontais agus náisiúnta agus as ionstraimí airgeadais a úsáid;
34. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus an tuarascáil phoiblí atá le teacht sa chéad ráithe de 2024 á hullmhú aige, aird mhaith a thabhairt ar thuairimí na gcomhreachtóirí, lena n-áirítear na conclúidí seo ón gComhairle agus rún neamhrechtach an 13 Nollaig 2022 ó Pharlaimint na hEorpa agus TUGANN SÍ SUNTAS DON phlé ar an tuarascáil seo mar bhonn eolais agus na tograí don chéad chláirthréimhse eile á n-ullmhú;
35. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nuashonrú a chur ar fáil sa tuarascáil sin ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an Tuath agus mar atá aige agus pointí machnaimh a thabhairt maidir le treonna a d'fhéadfaí a ghabháil le haghaidh gníomhaíocht agus maoiniú níos fearr do cheantair thuaithe, agus maidir leis an mbealach ar aghaidh; roghanna a leagan amach chun tuilleadh sineirge, comhsheasmhachta, comhleanúnachais agus comhlántachta a áirithiú idir na beartais a imríonn tionchar ar limistéir thuaithe agus ar phobail tuaithe nó a théann chun tairbhe dóibh, agus rialachas a fheabhsú ar gach leibhéal; agus breithnithe maidir le faireachán níos spriocdhíríthe a dhéanamh ar an bhFís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais chomh maith le sásraí meastóireachta atá leabaithe i nuashonruithe ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an Tuath agus sa Chomhshocrú um an Tuath, gan ualaí agus costais riaracháin a mhéadú;
36. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mheas, mar thoradh ar athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an bhfís tuaithe sin, an coincheap sin a iompú ina straitéis tuaithe de chuid an Aontais, le cur chuige cuimsitheach agus solúbtha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar éagsúlacht éagsúil i limistéir thuaithe an Aontais agus an leas is fearr is féidir á bhaint as a n-acmhainneacht agus na deiseanna a ghabhann leo trí thacar táscairí iomchuí agus ábhartha, agus prionsabail na rialála níos fearr agus an tsimplíthe á gcur san áireamh;
37. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle go tréimhsiúil maidir lena chuid gníomhaíochtaí i ndáil leis na conclúidí seo.